



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

Eagrán sealadach

P8_TA-PROV(2019)0080

Na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh)

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2019 maidir le dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom (2018/2080(INL) – 2019/0900(APP))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint d’Airteagal 228(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint d’Airteagal 106a(1) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,
 - ag féachaint d’Airteagail 41 agus 43 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Rialacha 45 agus 52 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla agus don tuairim ón gCoiste um Achainíocha (A8-0050/2019),
1. ag glacadh an dréacht-Rialacháin atá i gceangal;
 2. á threorú dá hUachtarán an dréacht-Rialachán atá i gceangal a chur chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 228(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
 3. á threorú dá hUachtarán socrú a dhéanamh, tar éis don Choimisiún a thuairim a thabhairt uaidh agus tar éis don Chomhairle a formheas a thabhairt don dréacht-Rialachán atá i gceangal, chun an Rialachán a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN

Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 228(4) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a(1) de,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ón gComhairle,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman a leagan síos i gcomhréir le forálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe pointe (d) d'Airteagal 20(2) agus Airteagal 228, an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (2) Go háirithe, aithnítear in Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go bhfuil an ceart chun dea-riaracháin ina cheart bunúsach ag saoránaigh Eorpacha. Maidir le hAirteagal 43 den Chairt, aithnítear an ceart chun cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a tharchur chuig an Ombudsman Eorpach. Ionas go mbeidh na cearta sin éifeachtach agus chun cur le hacmhainn an Ombudsman fiosrúcháin chríochnúla agus neamhchlaonta a sheoladh, ba cheart gach uirlis is gá chun na dualgais dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo a chomhlíonadh a sholáthar don Ombudsman.

- (3) Rinneadh Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa¹ a leasú go deireanach in 2008. Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, bunaíodh creat dlí nua don Aontas. Go háirithe, le hAirteagal 228(4) CFAE, cumasaítear do Pharlaimint na hEorpa, tar éis tuairim a lorg ón gCoimisiún agus le toiliú ón gComhairle, rialacháin a ghlacadh lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman. Is inmhianaithe, dá bhrí sin, Cinneadh 94/262CEGC, CE, Euratom a aisghairm agus Rialachán a chur ina ionad i gcomhréir leis an mbunús dlí is infheidhme faoi láthair.
- (4) Ba cheart bunú na gcoinníollacha faoinar féidir gearán a tharchur chuig an Ombudsman a bheith i gcomhréir le prionsabal na rochtana iomláine, saoire agus éasca, d'ainneoin srianta sonracha a bhaineann le tarlú imeachtaí dlí agus riaracháin nua nó ar feitheamh ag an am céanna.
- (5) Tá sé de cheart ag an Ombudsman moltaí a dhéanamh i gcás ina gcinneann an tOmbudsman nach bhfuil institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais ag cur rialú cúirte i bhfeidhm mar is cuí.
- (6) Is gá na nósanna imeachta atá le leanúint a leagan síos nuair a thugann fiosrúcháin an Ombudsman cásanna drochriaracháin chun solais. Ba cheart a fhoráil freisin go ndéanfaidh an tOmbudsman tuarascáil chuimsitheach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ag deireadh gach seisiúin bhliantúil.
- (7) Chun ról an Ombudsman a neartú, is inmhianaithe a cheadú don Ombudsman, gan dochar do phríomhdhualgas an Ombudsman, eadhon gearáin a láimhseáil, fiosrúcháin féintionscnaimh a sheoladh d'fhonn cásanna athfhillteacha nó thar a bheith tromchúiseach de dhrochriarachán a shainaithe agus dea-chleachtais riaracháin a chur chun cinn laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.
- (8) Chun cur le héifeachtacht ghníomhaíocht an Ombudsman, ba cheart an tOmbudsman a bheith i dteideal, ar thionscnamh an Ombudsman féin nó de bhua gearáin, fiosrúcháin a sheoladh, ar fiosrúcháin iardain iad ag leanúint ó fhiosrúcháin roimhe sin, chun a fháil amach a mhéid a chomhlíon an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht

¹ Cinneadh 94/262/CEGC, EC, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

lena mbaineann na moltaí a rinneadh. Ba cheart an tOmbudsman a bheith i dteideal freisin measúnú a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil an Ombudsman chuig Parlaimint na hEorpa, ar measúnú é maidir le ráta comhlíontachta na moltaí a cuireadh ar aghaidh, chomh maith le measúnú ar leordhóthanacht na n-acmhainní a cuireadh ar fáil don Ombudsman chun na dualgais dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo a chomhlíonadh.

- (9) Ba cheart rochtain a bheith ag an Ombudsman ar na nithe go léir atá riachtanach i gcomhair chomhlíonadh dhualgais an Ombudsman. Chuige sin, tá oibleagáid le cur ar institiúidí, ar chomhlachtaí, ar oifigí agus ar ghníomhaireachtaí an Aontais aon fhaisnéis a iarrann an tOmbudsman orthu a sholáthar, gan dochar d'oibleagáidí an Ombudsman faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Ba cheart don rochtain ar fhaisnéis nó doiciméid rúnaicmithe a bheith faoi réir chomhlíonadh na rialacha a bhaineann le próiseáil faisnéise rúnda a dhéanann an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais. Maidir leis na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí a chuireann an fhaisnéis nó na doiciméid rúnaicmithe ar fáil, ba cheart dóibh an tOmbudsman a chur ar an eolas faoin aicmiú sin. Maidir le cur chun feidhme na rialacha maidir leis an bpróiseáil a dhéanann an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais ar fhaisnéis rúnda, ba cheart comhaontú a bheith déanta roimh ré ag an Ombudsman leis an institiúid, leis an gcomhlacht, leis an oifig nó leis an ghníomhaireacht lena mbaineann maidir leis na coinníollacha a ghabhann le conas faisnéis nó doiciméid rúnaicmithe, nó doiciméid agus faisnéis eile atá cumhdaithe ag an oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil, a láimhseáil. Más rud é go measann an tOmbudsman nach bhfuil an cúnamh a iarrtar á fháil, ba cheart don Ombudsman an méid sin a chur in iúl do Pharlaimint an hEorpa, agus ba cheart do Pharlaimint na hEorpa na huirill iomchuí a dhéanamh.
- (10) Tá oibleagáid le cur ar an Ombudsman agus ar fhoireann an Ombudsman déileáil faoi rún le haon fhaisnéis a fhaigheann siad le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh. Ba cheart don Ombudsman, áfach, na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi fhórais a measann an tOmbudsman ina leith go bhféadfadh baint a bheith acu leis an dlí coiriúil

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

ar fíorais iad a tháinig ar aird an Ombudsman i gcúrsa fiosrúcháin. Ba cheart don Ombudsman a bheith in ann an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais a chur ar an eolas freisin faoi fhíorais a chaitheann amhras ar iompar duine dá bhfoireann.

- (11) Ba cheart na hathruithe is déanaí a bhaineann le cosaint leasa airgeadais an Aontais i gcoinne cionta coiriúla a chur san áireamh, go háirithe bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle¹, chun a cheadú don Ombudsman fógra a thabhairt d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh faoi aon fhaisnéis a thagann faoi shainchúram na hOifige. Mar an gcéanna, chun lánurraim a thabhairt do thoimhde na neamhchiontachta agus do na cearta chun cosaint a fháil atá cumhdaithe in Airteagal 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, is inmhianaithe, i gcás ina dtugann an tOmbudsman fógra d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh faoin bhfaisnéis a thagann faoi shainchúram an hOifige, go dtuairisceodh an tOmbudsman an fógra sin don duine lena mbaineann agus don ghearánach.
- (12) Ba cheart a fhoráil go mbeadh féidearthacht ann maidir le comhar idir an tOmbudsman agus údaráis den chineál céanna sna Ballstáit, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme. Is inmhianaithe freisin céimeanna a ghlacadh chun cead a thabhairt don Ombudsman comhar a fhorbairt le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, sa mhéid go bhféadfadh an comhar sin cuidiú le comhlíonadh níos éifeachtaí dhualgais an Ombudsman.
- (13) Is faoi Pharlaimint na hEorpa atá sé an tOmbudsman a cheapadh ag tús an téarma parlaimintigh agus go ceann an téarma sin, agus an tOmbudsman a roghnú as measc daoine ar saoránaigh den Aontas iad agus a thugann gach ráthaíocht riachtanach maidir le neamhspleáchas agus inniúlacht. Ba cheart coinníollacha a leagan síos freisin maidir le dualgais an Ombudsman a scor agus maidir leis an Ombudsman a ionadú.
- (14) Déanfar dualgais an Ombudsman a chomhlíonadh ar bhonn atá go hiomlán neamhspleách. Ba cheart don Ombudsman gealltanais sollúnta a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais tráth a rachaidh an tOmbudsman in oifig. Ba cheart neamh-

¹ Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

chomhoiriúnachtaí, luach saothair, pribhléidí agus díolúintí an Ombudsman a leagan síos.

- (15) Ba cheart forálacha a ghlacadh maidir le suíomh an Ombudsman, agus ba cheart gur ag suíomh Pharlaimint an hEorpa a bheadh an suíomh sin. Ba cheart forálacha a leagan síos ní hamháin maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile rúnaíocht an Ombudsman a chabhróidh leis an Ombudsman, ach maidir leis an mbuiséad don rúnaíocht sin freisin.
- (16) Is faoin Ombudsman atá sé forálacha cur chun feidhme an Rialacháin seo a ghlacadh. Chun cinnteacht dhlíthiúil agus na caighdeáin is airde ó thaobh comhlíonadh dhualgais an Ombudsman de a ráthú, ba cheart inneachar íosta na bhforálacha cur chun feidhme atá le glacadh a bhunú sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh).
2. Feidhmeoidh an tOmbudsman go neamhspleách ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i gcomhréir leis an cumhachtaí a thugtar don Ombudsman ag na Conarthaí, agus le haird chuí ar phointe (d) d'Airteagal 20(2) agus Airteagal 228 CFAE agus Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir leis an gceart chun dea-riaracháin.
3. I gcomhlíonadh a dhualgais dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo, ní fhéadfaidh an tOmbudsman idirghabháil a dheanamh i gcásanna atá os comhair na gcúirteanna agus ní fhéadfaidh an tOmbudsman a fhóna is atá rialú cúirte a cheistiú nó an inniúlacht atá ag cúirt maidir le rialú a eisiúint a cheistiú.

Airteagal 2

1. Tabharfaidh an tOmbudsman cabhair maidir le drochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a nochtadh, cé is moite de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú di ina ról breithiúnach, agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh an tOmbudsman moltaí d'fhonn deireadh a chur leis an drochriarachán sin. Ní fhéadfaidh aon ghníomh a dhéanann aon údarás nó duine eile a

bheith ina ábhar gearáin don Ombudsman.

2. Féadfaidh aon saoránach den Aontas nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláráithe aige i mBallstát, gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman go díreach nó go hindíreach nó trí Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, maidir le cás drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, cé is moite de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú di ina ról breithiúnach. Cuirfidh an tOmbudsman an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann ar an eolas a luaithe a chuirtear gearán faoi bhráid an Ombudsman, agus caighdeáin de chuid an Aontais i réimse na cosanta sonraí pearsanta á n-urramú.
3. Déanfaidh an gearán tagairt shoiléir d'údar an ghearáin agus do chéannacht an ghearánaigh. Féadfaidh an gearánach a iarraidh go ndéanfaí an gearán, nó codanna den ghearán, a choinneáil faoi rún.
4. Déanfar gearán laistigh de thrí bliana ón dáta a thagann an gearánach ar an eolas faoi na fíorais ar a bhfuil an gearán bunaithe agus déanfar teagmháil riaracháin iomchuí roimh ré leis na hinstiúidí, leis na comhlachtaí, leis na hoifigí agus leis na gníomhaireachtaí lena mbaineann.
5. Cinnfidh an tOmbudsman cibé an bhfuil gearán faoi raon shainchúram an Ombudsman agus, i gcás ina bhfuil, cibé an bhfuil sé inghlactha. I gcás nach bhfuil gearán faoi réim shainchúram an Ombudsman nó i gcás nach bhfuil gearán inghlactha, féadfaidh an tOmbudsman, sula ndúntar an comhad, comhairle a chur ar an ngearánach an gearán a chur faoi bhráid údarás eile.
6. Ní dhéanfaidh gearáin a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman difear do theorainneacha ama maidir le hachomhairc in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha.
7. Nuair nach mór don Ombudsman, mar gheall ar imeachtaí dlíthiúla atá ar siúl nó atá críochnaithe agus a bhaineann leis na fíorais atá curtha chun cinn, a dhearbhuí nach bhfuil gearán inghlactha nó breithniú an ghearáin a fhoirceannadh, déanfar toradh aon fhiosrúcháin atá déanta ag an Ombudsman go dtí sin a chomhdú go cinntitheach.
8. Cé is moite de ghearáin a bhaineann le cásanna gnéaschiaptha, ní fhéadfar aon ghearán a dhéanamh chuig an Ombudsman a bhaineann leis an gcaidreamh oibre idir institiúidí,

comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach eile mura rud é go bhfuil leas bainte ag an duine lena mbaineann as na féidearthachtaí go léir i dtaca le hiarratais agus gearáin riaracháin inmheánacha a thíolacadh, go háirithe na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle¹ (“na Rialachán Foirne”), agus go bhfuil na teorainneacha ama i gcomhair freagraí ón institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht tar éis dul in éag.

9. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas, a luaithe is féidir, maidir leis an ngníomh a glacadh i leith an ghearáin.

Airteagal 3

1. Déanfaidh an tOmbudsman, ar thionscnamh an Ombudsman féin nó tar éis gearán a fháil, na fiosrúcháin go léir a sheoladh a mheasann an tOmbudsman údar maith a bheith leo, lena n-áirítear na fiosrúcháin sin lena ndéantar obair leantach ar fhiosrúcháin roimhe sin, chun aon drochamhras faoi dhrochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a shoiléiriú. Feidhmeoidh an tOmbudsman gan aon ghá údarú a fháil roimh ré agus cuirfidh an tOmbudsman an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann ar an eolas in am trátha maidir leis an ngníomhaíocht sin. Féadfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann aon tuairim nó fianaise úsáideach a chur faoi bhráid an Ombudsman. Féadfaidh an tOmbudsman freisin a iarraidh ar an institiúid, ar an gcomhlacht, ar an oifig nó ar an ngníomhaireacht lena mbaineann tuairimí nó fianaise den sórt sin a chur faoin bhráid an Ombudsman freisin.
2. Gan dochar do phríomhdhualgas an Ombudsman, eadhon gearáin a láimhseáil, féadfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin féintionscnaimh a sheoladh, ar de chineál níos straitéisí iad, chun cásanna athfhillteacha nó thar a bheith tromchúiseach de dhrochriarachán a shainnaint, chun dea-chleachtais riaracháin a chur chun cinn laistigh d’institiúidí, de chomhlachtaí, d’oifigí agus de ghníomhaireachtaí an Aontais agus chun dul i ngleic go réamhghníomhach le saincheistanna struchtúracha ar chun leas an phobail iad agus a thagann faoi shainchúram an Ombudsman.

¹ IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

3. Féadfaidh an tOmbudsman dul i mbun plé struchtúrtha agus rialta le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus comhairliúcháin phoiblí a eagrú sula dtabharfaidh an tOmbudsman moltaí nó ag aon chéim ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, féadfaidh an tOmbudsman anailís agus measúnú a dhéanamh ar bhealach córasach ar dhul chun cinn na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann, agus tuilleadh moltaí a eisiúint.
4. Déanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais aon fhaisnéis a iarrann an tOmbudsman orthu a sholáthar don Ombudsman agus déanfaidh siad rochtain a thabhairt don Ombudsman ar na comhaid lena mbaineann. Rochtain ar fhaisnéis nó doiciméid rúnaicmithe, beidh sí faoi réir chomhlíonadh na rialacha a bhaineann le próiseáil faisnéise rúnda a dhéanann an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais.

Maidir leis na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid rúnda i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, cuirfidh siad an rúndacht sin in iúl don Ombudsman roimh ré.

Maidir le cur chun feidhme na rialacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, beidh na coinníollacha faoina ndéileáiltear le faisnéis nó doiciméid rúnda comhaontaithe roimh ré ag an Ombudsman leis an institiúid, leis an gcomhlacht, leis an oifig nó leis an ngníomhaireacht lena mbaineann.

Ní thabharfaidh na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí lena mbaineann rochtain ar dhoiciméid de thionscnamh Ballstáit, ar doiciméid iad atá aicmithe le dlí nó le rialachán mar dhoiciméid rúnda, ach amháin tar éis do sheirbhísí an Ombudsman bearta agus coimircí iomchuí a chur ar bun chun na doiciméid a láimhseáil, ar bearta agus coimircí iad lena n-áirithítear leibhéal coibhéiseach rúndachta, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus i gcomhréir le rialacha slándála na hinstitiúide, an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann de chuid an Aontais.

Déanfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, arna iarraidh sin ag an Ombudsman, fianaise a thabhairt maidir le fíoras a bhaineann le fiosrúchán leanúnach ag an Ombudsman. Déanfaidh siad labhairt ar son a n-institiúide, a gcomhlachta, a n-oifige nó a

ngníomhaireachta. Leanfaidh siad de bheith faoi cheangal na n-oibleagáidí a eascraíonn as na rialacha a bhfuil siad faoina réir. Nuair a bhíonn siad faoi cheangal ag dualgas rúndachta gairmiúla, ní dhéanfar a léirthuisceint as sin go gcumhdaítear faisnéis atá ábhartha i dtaobh gearáin nó fiosrúcháin maidir le ciapadh nó drochriarachán.

5. Go tráthrialta, déanfaidh an tOmbudsman scrúdú ar na nósanna imeachta atá nasctha le gníomhaíocht riaracháin institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais agus déanfaidh an tOmbudsman measúnú ar a gcumas coinbhleachtaí leasa a sheachaint go héifeachtach, neamhchlaontacht a ráthú agus lánurraim a áirithiú don cheart chun dea-riaracháin. Féadfaidh an tOmbudsman cásanna féideartha de choinbhleachtaí leasa ar gach leibhéal a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu, ar cásanna iad a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí drochriaracháin, agus sa chás sin déanfaidh an tOmbudsman conclúidí sonracha a tharraingt suas ina leith agus cuirfidh an tOmbudsman Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis na torthaí ar an ábhar sin.
6. A mhéid a cheadaítear faoin dlí náisiúnta é, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, arna iarraidh sin ag an Ombudsman nó ar a dtionscnamh féin, aon fhaisnéis nó aon doiciméad a chur chuig an Ombudsman chomh luath agus is féidir, ar faisnéis í nó ar doiciméad é a d'fhéadfadh cuidiú le soiléiriú a dhéanamh ar chásanna de dhrochriarachán ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis nó an doiciméad sin cumhdaithe ag an dlí náisiúnta maidir le próiseáil faisnéise rúnda nó forálacha a chuireann cosc ar an bhfaisnéis sin a scaipeadh, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cead a thabhairt don Ombudsman an fhaisnéis sin nó an doiciméad sin a rochtain ar choinníoll go ngeallann an tOmbudsman go ndéanfar í nó é a láimhseáil i gcomhaontú leis an údarás inniúil as ar thionscain sí nó sé. Soláthrófar cur síos mionsonraithe ar an doiciméad in aon chás.
7. Más rud é nach bhfaigheann an tOmbudsman an cúnamh a iarradh, cuirfidh an tOmbudsman an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus déanfaidh Parlaimint na hEorpa na huirill chuí.
8. I gcás go nochtar le linn fiosrúcháin gur tharla cásanna de dhrochriarachán, cuirfidh an tOmbudsman an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann ar an eolas, agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh an tOmbudsman moltaí. Déanfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht a chuirtear ar an

eolas amhlaidh tuairim mhionsonraithe a chur chuig an Ombudsman laistigh de thrí mhí. Féadfaidh an tOmbudsman, ar iarraidh réasúnaithe ón institiúid, ón gcomhlacht, ón oifig nó ón ngníomhaireacht, síneadh ama ar an spriocdháta sin a thabhairt nach rachaidh thar dhá mhí. I gcás nach dtabharfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht lena mbaineann aon tuairim laistigh de thrí mhí ón spriocdháta nó laistigh den tréimhse bhreise a cuireadh leis an spriocdháta, féadfaidh an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh gan an tuairim sin a fháil.

9. Ansin seolfaidh an tOmbudsman tuarascáil chuig an institiúid, chuig an gcomhlacht, chuig an oifig nó chuig an ngníomhaireacht lena mbaineann agus, go háirithe i gcás ina n-éilíonn cineál nó scála an drochriaracháin a nochtadh amhlaidh, chuig Parlaimint na hEorpa. Féadfaidh an tOmbudsman moltaí a dhéanamh sa tuarascáil. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoi thoradh an fhiosrúcháin, faoin tuairim arna léiriú ag an institiúid, ag an gcomhlacht, ag an oifig nó ag an ngníomhaireacht lena mbaineann agus faoi aon mholtaí arna ndéanamh i dtuarascáil an Ombudsman.
10. I gcás inarb iomchuí i ndáil le fiosrúchán ar ghníomhaíochtaí a rinne institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, féadfaidh an tOmbudsman láithriú os comhair Pharlaimint na hEorpa, ar thionscnamh an Ombudsman féin nó arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa, ar an leibhéal is iomchuí.
11. A mhéid is féidir, féachfaidh an tOmbudsman le réiteach a fháil in éineacht leis an institiúid, leis an gcomhlacht, leis an oifig nó leis an ngníomhaireacht lena mbaineann chun deireadh a chur leis an gcás drochriaracháin agus chun an gearán a réiteach. Cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoin réiteach atá beartaithe chomh maith le haon bharúil, más ann di, ón institiúid, ón gcomhlacht, ón oifig nó ón ngníomhaireacht lena mbaineann. I gcás inar mian leis an ngearánach amhlaidh, beidh an gearánach i dteideal barúlacha, nó faisnéis bhreise nach rabhthas ar an eolas fúithi tráth a tíolacadh an gearán, a chur faoi bhráid an Ombudsman tráth ar bith.
12. Ag deireadh gach seisiúin bhliantúil, déanfaidh an tOmbudsman tuarascáil ar thorthaí na bhfiosrúcháin a rinne an tOmbudsman a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Áireofar sa tuarascáil measúnú maidir le comhlíonadh mholtaí an Ombudsman agus measúnú maidir le leordhóthanacht na n-acmhainní a bhí ar fáil chun dualgais an Ombudsman a chomhlíonadh. Féadfaidh na measúnuithe sin a bheith faoi réir

tuarascálacha ar leithligh freisin.

Airteagal 4

Maidir le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid, seachas na doiciméid sin dá dtagraítear in Airteagal 6(1), déileálfaidh an tOmbudsman agus foireann an Ombudsman leo i gcomhréir leis na coinníollacha agus leis na teorainneacha dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

I ndáil le gearáin maidir leis an gceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid arna dtarraingt suas nó arna bhfáil ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, déanfaidh an tOmbudsman, tar éis anailís chuí agus gach breithnithe is gá, moladh a eisiúint maidir le rochtain ar na doiciméid sin. Déanfaidh an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann freagra a thabhairt laistigh de na hamchláir dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. Mura leanann an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht lena mbaineann moladh ón Ombudsman rochtain a thabhairt ar na doiciméid sin, déanfaidh sí nó sé údar iomchuí a thabhairt dá diúltú nó dá dhiúltú. I gcás den sórt sin, cuirfidh an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá ar fáil chun an cas a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 5

Déanfaidh an tOmbudsman measúnuithe rialta ar na beartais agus athbhreithnithe ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 22a de na Rialacháin Foirne (“sceithireacht”) agus déanfaidh an tOmbudsman, i gcás inarb iomchuí, moltaí nithiúla feabhsúcháin a dhéanamh d’fhonn cosaint iomlán a áirithiú d’oifigigh agus do sheirbhísigh eile a thuairiscíonn fíoras i gcomhréir le hAirteagal 22a de na Rialacháin Foirne. Féadfaidh an tOmbudsman faisnéis, comhairle neamhchlaonta agus saintreoir a thabhairt ar bhonn rúnda d’oifigigh nó do sheirbhísigh eile maidir leis an iompar cuí atá le déanamh más ann do na fíoras dá dtagraítear in Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne, lena n-áirítear maidir le raon feidhme fhorálacha ábhartha dhlí an Aontais.

Chomh maith leis sin, féadfaidh an tOmbudsman tús a chur le fíorsúcháin bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn oifigigh nó seirbhísigh eile a thuairiscíonn fíoras i gcomhréir le

hAirteagal 22a de na Rialacháin Foirne, a fhéadfaidh tuairisc a thabhairt go rúnda agus go hanaitnid, i gcás ina bhféadfadh na fíorais a gcuirtear síos orthu a bheith mar bhunús do dhrochriarachán in institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais. Chun go gcumasófar an chríoch sin, féadfar rialacháin foirne is infheidhme maidir le rúndacht a tharscaoileadh.

Airteagal 6

1. Beidh de cheangal ar an Ombudsman agus ar fhoireann an Ombudsman, a mbeidh feidhm ag Airteagal 339 CFAE agus ag Airteagal 194 de Chonradh Euratom ina leith, gan aon fhaisnéis ná doiciméid a fhaigheann siad i gcúrsa a gcuid fiosrúchán a nochtadh. Gan dochar do mhír 2, ceanglófar orthu, go háirithe, gan aon fhaisnéis rúnda ná aon doiciméad rúnda a sholáthraítear don Ombudsman nó doiciméid a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a nochtadh, chomh maith le haon fhaisnéis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don ghearánach nó d'aon duine eile atá bainteach leis.
2. Más rud é, i gcúrsa na bhfiosrúchán, go bhfaigheann an tOmbudsman amach faoi fhíorais a mheasann an tOmbudsman ina leith go bhféadfadh baint a bheith acu leis an dlí coiriúil, tabharfaidh an tOmbudsman fógra do na húdaráis inniúla náisiúnta agus, a mhéid a thagann an cás faoi réim a gcumhachtaí, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. Más iomchuí, tabharfaidh an tOmbudsman fógra freisin don institiúid, don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht de chuid an Aontais ag a bhfuil údarás ar an oifigeach nó ar an seirbhíseach lena mbaineann, agus féadfaidh an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht sin an dara mír d'Airteagal 17 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm.

Féadfaidh an tOmbudsman fógra a thabhairt don institiúid, don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht lena mbaineann de chuid an Aontais freisin faoi fhíorais a chaitheann amhras ar iompar duine dá bhfoireann, chomh maith le haon ghníomhaíocht bhuanseasmhach a bhfuil mar éifeacht aici bac a chur ar an bhfiosrúchán leanúnach.

Cuirfidh an tOmbudsman na fógraí sin i bhfios don ghearánach agus do dhaoine eile lena mbaineann arb eol a gcéannacht.

Airteagal 7

1. Féadfaidh an tOmbudsman comhoibriú le húdaráis den chineál céanna sna Ballstáit ar choinníoll go gcomhlíonann an tOmbudsman an dlí náisiúnta is infheidhme.
2. Laistigh de raon feidhme dhualgais an Ombudsman, comhoibreoidh an tOmbudsman le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus le hinstiúidí agus comhlachtaí eile, fad is a sheachnófar aon dúbláil le gníomhaíochtaí na n-instiúidí agus na gcomhlachtaí sin.

Airteagal 8

1. Déanfar an tOmbudsman a thoghadh, agus féadfar téarma oifig an Ombudsman a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 228(2) CFAE.
2. Roghnófar an tOmbudsman as measc daoine ar saoránaigh de chuid an Aontais iad, a bhfuil lánchearta sibhialta agus polaitíochta acu, a thugann gach ráthaíocht neamhspleáchais, nach raibh ina gComhaltaí de rialtais náisiúnta nó ina gComhaltaí nó Feisirí d'institiúidí an Aontais le trí bliana roimhe sin agus a chomhlíonann na coinníollacha neamhchlaonta is gá chun oifig bhreithiúnach ina dtír féin a bheith acu nó a bhfuil inniúlacht agus taithí aitheanta acu chun dul i mbun dhualgais an Ombudsman.

Airteagal 9

1. Scorfaidh an tOmbudsman d'fheidhmiú na ndualgas dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo ag deireadh théarma oifige an Ombudsman nó tráth a éiríonn an tOmbudsman as an bpost nó tráth a chuirtear an tOmbudsman as oifig.
2. Ach amháin i gcás ina gcuirtear as oifig an tOmbudsman, fanfaidh an tOmbudsman in oifig go dtí go gceapfar Ombudsman nua.
3. I gcás luathscor de na dualgais, ceapfar Ombudsman nua laistigh de thrí mhí ón tráth a thagann an oifig chun bheith folamh agus beidh an tOmbudsman nua sin i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige Pharlaimint na hEorpa. Go dtí go dtoghfar Ombudsman nua, beidh an príomhoifigeach dá dtagraítear in Airteagal 13(2) freagrach as nithe práinneacha a thagann faoi shainchúram an Ombudsman.

Airteagal 10

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Parlaimint na hEorpa a iarraidh go mbrisfí an tOmbudsman as an bpost i gcomhréir le hAirteagal 228(2) CFAE, féadfaidh sí éisteacht a thabhairt don Ombudsman sula ndéantar an iarraidh sin.

Airteagal 11

1. I gcomhlíonadh na ndualgas dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo, feidhmeoidh an tOmbudsman i gcomhréir le hAirteagal 228(3) CFAE. Staonfaidh an tOmbudsman ó aon ghníomh atá ar neamhréir le cineál na ndualgas sin.
2. Tráth a rachaidh an tOmbudsman in oifig, tabharfaidh an tOmbudsman gealltanais sollúnta os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag suí mar Chúirt iomlán go ndéanfar na dualgais dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo a chomhlíonadh go hiomlán neamhspleách agus neamhchlaonta agus go n-urramófar go hiomlán na hoibleagáidí a bheidh ar an Ombudsman le linn an téarma oifige agus tar éis an téarma oifige. Áireoidh an gealltanais sollúnta sin go háirithe an dualgas feidhmiú le hiontaofa agus go discréideach maidir le glacadh ceapachán nó tairbhí áirithe tar éis dheireadh an téarma oifige.

Airteagal 12

1. Le linn théarma oifige an Ombudsman, ní fhéadfaidh an tOmbudsman a bheith ag gabháil d'aon dualgais pholaitíochta nó riaracháin eile, nó d'aon slí bheatha eile, cibé acu sochrach nó neamhshochrach.
2. Beidh an chéim chéanna ag an Ombudsman ó thaobh luach saothair, liúntas agus pinsin de agus atá ag breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais.
3. Beidh feidhm ag Airteagail 11 go 14 agus ag Airteagal 17 de Phrótocal Uimh. 7 maidir leis an Ombudsman agus maidir le hoifigigh agus seirbhísigh rúnaíocht an Ombudsman.

Airteagal 13

1. Tabharfar buiséad leordhóthanach agus imleor don Ombudsman a áiritheoidh neamhspleáchas an Ombudsman agus chun foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú na ndualgas dá dtagraítear sna Conarthaí agus sa Rialachán seo.
2. Gheobhaidh an tOmbudsman cúnamh ó rúnaíocht agus ceapfaidh an tOmbudsman

príomhoifigeach na rúnaíochta sin.

3. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Ombudsman cothromaíocht inscne a bhaint amach i gcomhdhéanamh rúnaíocht an Ombudsman.
4. Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile rúnaíocht an Ombudsman faoi réir na rialacha agus na rialachán is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais. Glacfar líon na n-oifigeach agus na seirbhíseach sin gach bliain mar chuid den nós imeachta buiséadach agus beidh sé leordhóthanach d'fheidmiú cuí dhualgais agus ualach oibre an Ombudsman.
5. Déanfar oifigigh agus seirbhísigh eile de chuid an Aontais agus de chuid na mBallstát a cheaptar chuig rúnaíocht an Ombudsman a iasachtú ar mhaithe le leasanna na seirbhíse agus beidh ráthaíocht acu go ndéanfar iad a athbhunú go huathoibríoch ina n-institiúid bhunaidh, ina gcomhlacht bunaidh, ina n-oifig bhunaidh nó ina ngníomhaireacht bhunaidh.
6. I dtaca le nithe a bhaineann le foireann an Ombudsman, beidh an stádas céanna ag an Ombudsman atá ag na hinstitiúidí de réir bhrí Airteagal 1a de na Rialacháin Foirne.

Airteagal 14

Déanfaidh an tOmbudsman measúnú ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun cosc a chur ar chiapadh de chineál agus de nádúr ar bith laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, mar aon leis na sásraí chun pionós a ghearradh ar na daoine atá freagrach as ciapadh. Déanfaidh an tOmbudsman conclúidí iomchuí a tharraingt suas i dtaobh an bhfuil na nósanna imeachta sin comhsheasmhach le prionsabail na comhréireachta, na leordhóthanachta agus an ghníomhaithe fhuinniúil, agus i dtaobh an dtugann siad cosaint agus tacaíocht éifeachtacht d'íospartaigh.

Ar mhodh tráthúil, déanfaidh an tOmbudsman scrúdú ar cibé an láimhseálann nó nach láimhseálann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais go leordhóthanach cásanna ciaptha de chineál agus de nádúr ar bith trí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i ndáil le gearáin sa réimse sin a chur i bhfeidhm go cuí. Déanfaidh an tOmbudsman conclúidí iomchuí ar an ábhar a tharraingt suas.

Déanfaidh an tOmbudsman duine a cheapadh nó struchtúr a chur ar bun laistigh den rúnaíocht

ag a mbeidh saineolas i réimse an chiaptha agus a bheidh in ann a mheas go tráthúil i dtaobh an láimhseáiltear nó nach láimhseáiltear cásanna ciaptha de chineál agus de nádúr ar bith, lena n-áirítear gnéaschiapadh, go leormhaith laistigh d’institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, a bheidh in ann comhairle a sholáthar d’fhoireann an Aontais.

Airteagal 15

Beidh suíomh an Ombudsman suite ag suíomh Pharlaimint na hEorpa.

Airteagal 16

Déanfar aon chomhfhreagras chuig údaráis náisiúnta na mBallstát chun críche chur i bhfeidhm an Rialacháin seo trína mBuanionadaíochtaí chuig an Aontas.

Airteagal 17

Glacfaidh an tOmbudsman na forálacha cur chun feidhme don Rialachán seo. Beidh siadsan i gcomhréir leis an Rialachán seo agus áireoidh siad ar a laghad forálacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) cearta nós imeachta an ghearnánaigh agus na hinstiúide, an chomhlachta, an hoifige nó na gníomhaireachta lena mbaineann;
- (b) a áirithiú go ndéanfar na hoifigigh nó na seirbhísigh eile a thuiriscíonn cásanna gnéaschiaptha agus cásanna de sháruithe ar dhlí an Aontais a chosaint laistigh d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 22a de na Rialacháin Foirne (“sceithreachtaí”);
- (c) gearán a fháil, a phróiseáil agus a dhúnadh;
- (d) fiosrúcháin féintionscnaimh;
- (e) fiosrúcháin leantacha; agus
- (f) gníomhaíochtaí bailithe faisnéise.

Airteagal 18

Aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom.

Airteagal 19

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán